2014. M91TCS

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Gairmchlár na hArdteistiméireachta

## Nascmhodúil


## Cás-staidéar 2014

**FÉILE SHAMHRAIDH NA COIRRE BÁINE**

Baile beag in iarthuaisceart na hÉireann is ea an Chorr Bhán. 4,000 duine atá ina gcónaí ann. Tá lucht fánaíochta agus gníomhaíochta ag tarraingt ar an mbaile riamh ós rud go bhfuil sé suite ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair. Tá Óstán agus Ionad Saoire Gailf na Coirre Báine suite sé chiliméadar ó lár an bhaile. Tá rath ar an óstán go foill d'aineoinn na géarchéime eacnamaíochta cionn is go mbíonn said ag díriú ar lucht gailf a mhealladh ón Riocht Aontaithe agus ó na Stáit Aontaithe. Cé is moite de fhothracha seanmhainistreach atá n-athchoiriú i láthair na huaire, is beag suíomh turasóireachta ann a mheallfadh cuairteoirí ó na bailte móra agus ón gcósta.

Ba é aidhm Thóstal Éireann 2013 ná pobail áitiúla a spreagadh chun imeachtaí speisialta a phleanáil le buanna móra a bpobail agus na hÉireann i gcoitinne a chur taispeáint. D'éirigh thar barr leis na himeachtaí a bhí ar siúl sa Chorr Bhán deireadh seachtaine amháin in 2013. Ar na himeachtaí éagsúla a cuireadh ar siúl an deireadh seachtaine sin mar chuid den Tóstal bhí féile agus damhsa sráide i dtraidisiún na 1940idí, féile siúlóide, turais faoi threoir ar fud an bhaile agus an cheantair, agus taispeántais de grianghraif ón gcartlann agus de grianghraif theaghlaigh. Tháinig suas le 5,000 cuairteoir go dtí Chorr Bhán d'fhéile an Tóstail agus ba mhór an sochar é sin do lucht ghnó an cheantair, idir thithe leaba is bricfeasta, an t-óstán agus an t-ionad saoire gailf, agus shiopaí, chaiféanna agus bhialanna na háite.

Beidh cruinniú ag coiste féile an bhaile chun féile na bliana seo caite a mheasanú agus chun pleanáil a dhéanamh i gcomhair na bliana 2014. Mar chuid den mheasúnú ar fhéile na bliana seo caite, rinne an coiste suirbhé ar chuairteoirí le linn mhíonna an tsamhraidh. Tithe leaba is bricfeasta an cheantair, agus Óstán agus Ionad Saoire Gailf na Coirre Báine a chabhraigh leis an suirbhé sin a dhéanamh. Taispeántar torthaí an tsuirbhé sa ghraf thall.




D'éirigh go maith le féile an Tóstail anuraidh agus tá rún daingean ag na baill de choiste féile an bhaile tógáil ar ar bhain siad amach, agus cuairteoirí nua a mhealladh chuig an áit chomh maith leis na daoine a bhí ann anuraidh a mhealladh ar ais. Deichniúr atá ar an gcoiste. Daoine díograiseacha iad, ionadaithe an phobail áitiúil, agus a c(h)uid scileanna agus taithí féin ag gach duine acu. Tá siad ag cur smaointe le chéile i láthair na huaire i gcomhair fhéile an tsamhraidh seo. Ar na moltaí atá á bplé tá féile shiúlóide a mhairfeadh ar feadh seachtaine agus imeachtaí do na siúlóiri tráthnóna, féile 'cheardbhia' ina gcuirfí táirgí bia áitiúla chun cinn, agus léiriú ginealais dar teideal 'Ar Thóir do Shinsear sa Chorr Bhán'. Ba mhaith leo suíomh gréasáin a fhorbairt don cheantar agus leas a bhaint as na meáin shóisialta. Creideann siad freisin gur chóir gnólachtaí áitiúla a spreagadh chun leas a bhaint as na deiseanna margaíochta a chuireann Fáilte Éireann ar fáil.

Is maith a thuigeann baill an choiste, ó thaithí na bliana seo caite, nach mbeadh rath ar fhéile phobail gan pleanáil a dhéanamh. Ta a lán ball den choiste den tuairim nach bhfuil siad ag baint dótháin tairbhe as suíomh na Ciorre Báine ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair. Creideann siad freisin go mbeidh deiseanna móra ann don Chorr Bhán nuair a osclófar Slí an Atlantaigh Fhiáin. Creideann na baill sin gur chóir níos mó béime a leagan ar níos mó lucht fánaíochta agus gníomhaíochta a mhealladh chun na háite. Is ábhar coimhlinte é sin idir bhaill an choiste mar tá baill eile ann a shíleann nár chóir dóibh a n-aird a dhíriú ar aon rud ach ar fhéile shamhraidh a eagrú.